Cia a-nois fheithmheas d’iath Laighean?

[Mac Airt, Seán, *Leabhar Branach*, Dublin, 1944, poem 44]

Donnchadh mac Domhnuill Mhic Eochadha .cc.

1 Cia anois fheithmhios d’iath Laighion
d’éis an fhir nár sáruigheadh?
lámh fhial dob éinneirt oirbheart
riamh ar eimeirt uasailbheart.

2 Iath Laighean, d’fhínné gach fhir,
go lá a fhaghála a n-aisgidh
do budh teann Fiacha ar gach fear
fá cheann an iatha d’fheitheamh.

3 Ar smacht, ar iomchar aoigheadh,
scél as cóir do chommaoidheamh,
beith mar do bhiadh dá maireadh
gan a bhreith d’fhiadh fhionnLaighion.

4 Ar chuimhne ó do-chualaidh mé
cách ag coimhreic an sceóil-si,
scél doiligh oile ní fhuil
am chroidhe acht oidhidh Fhiachaidh.

5 Ó Raghnallchaibh na ruag mear
do bhí uaim ar iath Laighean;
do scaoil uaim an iatha ó shin
Fiacha ar an uair fár imthigh.

6 Uatha ó do-chuaidh a gceann sídh,
fian Laighion lán do neimbrígh;
’na dheóidh is dearbh nach deachaidh
sealbh an leóin ó Laighneachaibh.

7 Do budh mór a luadh ré a linn,
mac Aodha dob ard intinn;
truagh gan acht táir ó thorchair
do luadh ráidh ar Raghnallchaibh.

8 Fear iomchair a theaghlaigh thruim
nó gur thuit gan chur gcomhluinn;
scol níor sháruigh ’s níor chailg cill,
is mairg thárraidh a thuitim.

9 Truagh an lá-soin luaitear linn
’nar dheónaigh Dia do thuitim;
go hécht Domhnuigh do rádh ribh

do chládh d’fhoghlaidh níorbh fhéidir.

10 Ní mhairionn duine ar domhan
[acht Dia dhuit dá dheónoghadh]
do shaoil gan eadráin oraibh
teagmháil daoibh re Danoraibh.

11 D’fhearoibh Laighion na learg réidh
ó fuaras t’oidhidh d’oilbhéim,
guth an bhróin a mbeól gach fir,
gan óidh ar cheól dá gcluintir.

12 Sgaoiltioch orra ó ar-oile a-nois
ó taoi, a Fhiacha, ’na n-égmois,
fád bhrataigh ag gníomh a ngreagh
a mbíodh do mhacaibh Míleadh.

13 A gcrích Midhe na múr ngeal
lór sáirfheadhna cúig gcóigeadh,
a dhóigh shéd shíl na bhfileadh,
a mhéd tríbh do tuirsigheadh.

14 Bás mheic Aodha an aignidh ghloin,
guais go mbia an uair-si an fhiodhbhaidh
a bhfad a bhfás gan eatha
ón bhás do lag Laighneacha.

15 Tré bhás Fhiachaidh mheic Aodha
[dóibh dob fhearr a iomthaobha]
dlighid mílidhe Craoi Chuinn
caoi mar ríghfhine Raghnuill.

16 Truagh nách tarla sul torchair,
bu díon d’ógbhuidh armghlonnaigh,
fál ordhairc a n-eagar ghliadh
am dhreagan gormghuirt Ghailian.

17 Ón lá do thuit, truagh an cor,
do-chím lé cách go rugadh,
a mbeach eóil ós dá iomluadh,
breath leóin ar an Laighionshluagh.

18 Fás na bhfionshlat fútha sin
is tuirsi an laochshluaigh Laighnigh,
is tuirsi scol Iatha Airt
Fiacha do dhol gan díoghoilt.

19 Bíodh mo shlán bheith rém beathaidh,
’s as sé sin do Laighneachuibh,

tú fúinn ar ttocht mar thuile
gan m’úidh ort, [a] eólchuire.

20 Tar gach aoinfhear dá aos gráidh
dá ghualainn [anba an anáir]
go hoidhidh cinn na gcuradh
fa doiligh inn d’athrughadh.

21 Baile na Corra do-chím,
ní beag é d’adhbhar imshnímh,
do león gur líon an baile
a mbíodh ceól a gcomhnaidhe.

22 Ceann an oighre-sin Aodha
riamh nár mheabhruigh míothaoma,
ceann gan toil d’fhionghoil ná d’fheall
tar mhoir ó fhionnmhoigh Éireann.

23 An ceann do cuireadh tar muir
misde sibh, a chlann Criomhthuin;
lé feall uaibh-si níorbh ionchuir,
ceann dob uaisle d’Éirionnchuibh.

24 Ceann budh cosmhuil ris in gceann
níor cuireadh ó iath Éireann;
ceann do scoil badh teann ttabhaigh,
ón Ghleann soir go Sagsonoibh.